Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2024
(OR. en, fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0138(COD)**

**8967/24
ADD 1**

**CODEC 1118
ECOFIN 453
UEM 94**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón mBeilg**

1. Le linn na gcéimeanna éagsúla den chaibidlíocht maidir leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch, níorbh fhéidir le húdaráis na Beilge seasamh náisiúnta a chinneadh.

2. In ainneoin nach raibh seasamh náisiúnta aici, d’imir an Bheilg a ról mar Uachtarán ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar bhealach cuiditheach.

3. Roimh ghlacadh críochnaitheach na ngníomhartha reachtacha, tháinig údaráis na Beilge le chéile chun an cás a phlé arís. Is é an toradh atá ar an bplé sin, in éagmais seasamh críochnaitheach, nach gcuirfidh an Bheilg a tuairim in iúl cé acu ar son nó in éadan ghlacadh an phacáiste reachtaigh atá sí.

**Ráiteas ón Ungáir**

Tugann an Ungáir dá haire an comhaontú idir an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa maidir le téacs an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (2023/0138 (COD)).

Measaimid, áfach, nach bhfuil bonn cirt dlí leis an tagairt don 'Creat um Chóineasú Sóisialta' mar a leagtar síos in Aithris 8, chomh maith leis an tagairt don 'creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint' mar a leagtar síos in Airteagal 3, Mír 3(b). Is léir go dtagraíonn foirmliú an phríomhthéacs don Chreat um Chóineasú Sóisialta, nach uirlis anailíseach fhormheasta é faoi láthair agus nach bhfuil aon chúlra dlíthiúil aige. Is réamhbhreith mhíchuí ar chinntí a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo aon tagairt dó i Rialachán.